C/2025/4220

28.7.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12005 — ADVENT / TBI BANK)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4220)

1. An 17 Iúil 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Advent International, L.P. ('Advent', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— TBI Bank EAD ('TBI Bank', an Bhulgáir)

Gheobhaidh Advent rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar TBI Bank ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is infheisteoir cothromais phríobháidigh é Advent atá lonnaithe i mBostún na Stát Aontaithe. Díríonn Advent ar bhunanna cothromais a fháil agus ar chomhpháirtíochtaí cothromais phríobháidigh a bhainistiú in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear cúram sláinte, tionsclaíoch, teicneolaíocht, miondíol, tomhaltóirí agus fóillíocht, agus seirbhísí gnó agus airgeadais,

— Is banc soghluaiste é TBI Bank atá lonnaithe sa Bhulgáir. Is soláthraí réigiúnach réiteach pleananna íocaíochta é TBI Bank a thairgeann raon seirbhísí baincéireachta agus airgeadais trína fhochuideachtaí agus trína oifigí brainse sa Bhulgáir, sa Ghréig agus sa Rómáin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12005 — ADVENT / TBI BANK

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË